# Foirm ghearáin do ghearáin déanta in aghaidh Ball Tofa

Sonraítear i gCód Iompair na gComhairleoirí (https://www.gov.ie/en/publication/48675-code-of-conduct-for-councillors/) prionsabail agus caighdeáin iompair, measa, dínite, comhionannais agus ionracais do Chomhairleoirí, atá le cur san áireamh fad is atá a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu agus i ndáil leis an ngaol atá acu lena chéile, le fostaithe de chuid na Comhairle agus leis an bpobal. Tá sé beartaithe go mbeidh eolas don phobal sa chód maidir leis an gcineál iompair is féidir leo a bheith ag súil leis ó ionadaithe tofa agus ionas gur féidir leis an bpobal muinín a bheith aige as an rialtas áitiúil. Scríobhadh prótacal ag féachaint don Chód Iompair agus tá sé beartaithe é a úsáid chun déileáil le gearáin a bhaineann leis an gcód seo a shárú. **Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun gearán a dhéanamh le Cláraitheoir Eitice Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, más rud é gur theip, nó go mb'fhéidir gur theip ar chomhairleoir, Cód Iompair na gComhairleoirí a chomhlíonadh.**

**Úsáid dúch dubh agus comhlánaigh rannóg 1 agus rannóg 2 i mbloclitreacha.**

## Rannóg 1: Sonraí an Ghearánaigh

| | |
|---|---|
| An tUasal/An Dr/Eile (sonraigh le do thoil): | |
| Sloinne: | |
| Céadainm(neacha): | |
| Seoladh: | |
| Eircode: | |
| R-phost: | |
| Uimhir fóin phóca: | |
| Uimhir fóin bhaile: | |

**Cuir tic sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar an gcáil ina bhfuil do ghearán á dhéanamh agat:**

- ☐ Tá gearán á dhéanamh agam mar bhall den phobal
- ☐ Tá gearán á dhéanamh agam mar oifigeach de chuid na comhairle
- ☐ Tá gearán á dhéanamh agam mar chomhairleoir nó mar iar-chomhairleoir
- ☐ Tá gearán á dhéanamh agam thar ceann comhlacht poiblí - sonraigh an comhlacht agus an ról atá agat sa chomhlacht:
- ☐ Tá gearán á dhéanamh agam thar ceann ról tríú earnáil in eagraíocht - sonraigh an eagraíocht agus an ról atá agat san eagraíocht:
- ☐ Tá gearán á dhéanamh agat i gcáil eile - cuir na sonraí ar fáil:

## Rannóg 2: Céard leis a bhaineann do ghearán?

Ainm an Chomhairleora ar dóigh leat ar theip air/uirthi, nó a bhfuil seans ann gur theip air/uirthi, Cód Iompair na gComhairleoirí a chomhlíonadh:

Ainm Údarás Áitiúil an Chomhairleora:

## Rannóg 3: Céard leis a bhaineann do ghearán?

Soláthair na sonraí ar fad atá mar bhonn le do thuiscint gur theip ar, nó go mb'fhéidir gur theip ar an gComhairleoir atá ainmnithe i rannóg 2 den fhoirm seo, Cód Iompair na gComhairleoirí a chomhlíonadh. Tabhair an oiread sonraí agus is féidir maidir le hiompar an Chomhairleora, déan cur síos ar an méid a rinne an Comhairleoir; cathain (lena n-áirítear an dáta/na dátaí cuí, más féidir); agus cár tharla gach rud. (Mura bhfuil dóthain spáis anseo, úsáid bileog eile agus ceangail leis an bhfoirm seo.)

**Má tharla an t-iompar a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi níos mó ná sé mhí ó shin, mínigh an chúis nár chuir tú gearán faoi bhráid an Chláraitheora Eitice roimhe seo.**

## Rannóg 4: Cén fhianaise atá agat chun tacú le do ghearán?

Soláthair sonraí maidir leis an bhfianaise atá agat, nó atá ar eolas agat, a thacaíonn le do líomhain gur theip ar an gComhairleoir, nó go mb'fhéidir gur theip ar an gComhairleoir, Cód na gComhairleoirí a

chomhlíonadh. **Beidh ort tagairt don sliocht ábhartha den Chód Iompair a chreideann tú a d'fhéadfadh a bheith sáraithe ag an gComhairleoir** (Mura bhfuil dóthain spáis anseo, úsáid bileog eile agus ceangail leis an bhfoirm seo.)

Más féidir, soláthair cóip den fhianaise ar thagair tú di thuas. Nó, soláthair na sonraí ar fad maidir le cá háit is féidir an fhianaise a fháil.

## Cuid 5: An bhfuil aon fhinnéithe, a thug an t-iompar a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi, faoi deara?

Má tá aon fhinnéithe ann ar féidir leo an méid atá sonraithe agat faoi iompar an Chomhairleora a dheimhniú, cuir a n-ainmneacha iomlána, seoltaí agus uimhreacha teileafóin ar fáil. Mínigh conas a bhfuil aithne agat ar an bhfinné/ar na finnéithe.

## Rannóg 6: Dearbhú

Is mian liom gearán a dhéanamh leis an gCláraitheoir Eitice, de bhrí gur theip, nó go mb'fhéidir gur theip ar an gComhairleoir atá ainmnithe i Rannóg 2 den fhoirm seo, an tAcht Rialtais Áitiúil, 2011 - Cód Iompair na gComhairleoirí a chomhlíonadh.

**Tuigim má dhéantar imscrúdú ar mo ghearán, go gcuirfear m'ainm agus sonraí an ghearáin faoi bhráid an Chomhairleora, mar chuid den imscrúdú sin.**

**Chuir mé in iúl d'aon fhinnéithe atá ainmnithe i rannóg 5 den fhoirm seo go bhfuil a gcuid sonraí a gcur ar fáil agam don Chláraitheoir Eitice i ndáil le mo ghearán agus má dhéantar imscrúdú ar mo ghearán, go mb'fhéidir go gceanglófar orthu (na finnéithe) fianaise a chur ar fáil.**

**Síniú:**

**Dáta:**